# Puzail Tarsia 1 (Meáchan, Toilleadh)

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - oibríochtaí, codáin, deachúlacha, céatadáin, ailgéabar<br>Tomhais - meáchan, toilleadh<br>Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán comhshleasach, slios, sleasa, comhionann, teisiliú, réitigh, straitéis, suimigh, dealaigh, roinn, iolraigh, codán, deachúil, sraith, lúibíní, meáchan, gram, cileagram, toilleadh, lítear, millilítear |
| **Áiseanna** | puzal, triantáin chomhshleasacha le gearradh amach, siosúr, gliú |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina n-aonar nó i mbeirteanna, leanann daltaí leideanna le triantáin chomhshleasacha a chur le chéile le triantán comhshleasach níos mó a chruthú. Ní mór do gach slios a bhuaileann le triantán eile a bheith coibhéiseach (puzal Tarsia). Freagraíonn daltaí ar mheáchan leis an phuzal seo a réiteach, agus roinneann siad a straitéisí agus réitigh lena gcomhscoláire nó leis an chuid eile den rang.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tabhair teimpléad de thriantáin chomhshleasacha do na daltaí le sraith/sraitheanna a chruthú le cur leis an triantán is mó. Spreag iad le leideanna a scríobh ar a dtriantáin. Beidh orthu smaoineamh ar cá háit a rachaidh an triantán sa phuzal is mó agus ar na leideanna a bheidh mar chuid de. Sula roinneann siad an puzal le daltaí eile tástálann siad a leideanna agus seiceálann siad an bhfuil siad cruinn. Ansin, réitíonn daltaí a bpuzal nua agus roinneann siad a straitéisí agus réitigh lena gcomhscoláire nó leis an chuid eile den rang.

### 3 Gníomhaíocht 3

Ina n-aonar nó i mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a bpuzal Tarsia féin ar thoilleadh. D’fhéadfaí critéir a chur ar fáil lena gcur ina bpuzal. Mar shampla, d’fhéadfaí iarraidh ar na daltaí roinnt de na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- dhá shraith ar a laghad
- na hoibríochtaí uilig
- aonaid toillte a athainmniú
- lúibíní i gceist amháin ar a laghad
- codáin
- deachúlacha

Tástálann daltaí a leideanna lena chinntiú go n-oibríonn a bpuzal. Is féidir iad seo a roinnt le daltaí eile lena gcur i gcrích. Roinneann daltaí a straitéisí agus réitigh leis an phuzal nua a réiteach. Measann siad na puzail agus smaoiníonn siad ar na rudaí a d’oibrigh go maith agus ar na rudaí a d’athródh siad.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén cineál triantáin atá in úsáid i do phuzal?<br>• Cén straitéis a d'úsáid tú?<br>• Cad é 3 x 0.5 kg?<br>• Cad é ¾ kg ina ghraim?<br>• Má chuireann tú sraith eile le do phuzal, cá mhéad triantán a bheidh de dhíth ort? | • Cá háit ar thosaigh tú? Cad chuige?<br>• Cad é mar a bhí a fhios agat go dtéann na píosaí seo taobh le taobh sa phuzal?<br>• Cad é an chuid is dúshlánaí/is fusa faoin ghníomhaíocht seo? Cad chuige?<br>• Cad chuige a síleann tú gur oibrigh/nár oibrigh do straitéis thosaigh?<br>• Cé acu straitéis is éifeachtaí? Cad chuige?<br>• Má tá 10 sraith i do phuzal, cá mhéad triantán a bheidh de dhíth ort? Cad é mar atá a fhios agat? Cad é mar a thig leat sin a sheiceáil?<br>• Dá ndéanfá do phuzal Tarsia arís, cad é a d'athrófá agus cad chuige? |

## Difreáil

Socraigh inneachar agus líon critéar agus/nó líon sraitheanna a bheidh mar chuid de na puzail Tarsia de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.